Harry Potter agus an Órchloch le J. K. Rowling	
"Bhfuil lámh chuidithe uait?" Fear den chúpla rua a lean sé trí bhosca na dticéad a bhí ann. "Tá, sonas ort," arsa Harry agus é ar saothar. "Hóigh, a Fred! Tar uait agus cuidigh linn!" Le cabhair na leathchúplaí, leagadh trunc Harry thart faoi dheireadh i gcoirnéal den urrann. "Tá mé an-bhuíoch díbh," arsa Harry, agus é ag cimilt glib allasach ghruaige as a shúile. "Cad é sin?" arsa fear den chúpla go tobann, é ag pointeáil ar chomhartha na splaince ar éadan Harry. "Dar prísce," arsa an fear eile, "an tú -- ?" "Is é go deimhin," arsa an chéad fhear. "Nach tú?" ar seisean le Harry. "Nach mé cén rud?" arsa Harry. "Harry Potter," arsa an cúpla as béal a chéile. "Ó, eisean," arsa Harry. "Sea, cinnte, is mé." D'amharc an bheirt ghasúr air agus a mbéal ar oscailt. Mhothaigh Harry a aghaidh ag lasadh. Ansin, díreach in am, tháinig an guth chucu trí dhoras oscailte na traenach. "A Fred, a George, an bhfuil sibh ansin?" "Ag teacht, a Mham." Thug an cúpla amharc amháin eile ar Harry, agus léim den traein. Bhuail Harry faoi in aice leis an bhfuinneog, áit a raibh sé leathfholaithe, agus é in ann súil a choinneáil ar an dream rua amuigh ar an ardán, agus a gcomhrá a chluinstin. Bhí an mháthair díreach i ndiaidh a ciarsúr a thógáil amach. "A Ron, tá smál éigin ar do shrón." Thug an gasúr óg iarraidh i leataobh, ach rug sí air agus thosaigh a chuimilt bhior a shróine. "A Mham, lig dom," agus scinn sé uaithi. "Á, an bhfuil sm-m-m-ál m-beag ar shrón-n-n Ron-n-n" arsa fear den chúpla. "Éist do bhéal," arsa Ron.	

Harry Potter agus an Órchloch le J. K. Rowling	**Harry Potter and the Philosopher's Stone** by J. K. Rowling
"Bhfuil lámh chuidithe uait?" Fear den chúpla rua a lean sé trí bhosca na dticéad a bhí ann.	"Want a hand?" It was one of the red-haired twins he'd followed through the ticket box.
"Tá, sonas ort," arsa Harry agus é ar saothar.	"Yes, please," Harry panted.
"Hóigh, a Fred! Tar uait agus cuidigh linn!"	"Oy, Fred! C'mere and help!"
Le cabhair na leathchúplaí, leagadh trunc Harry thart faoi dheireadh i gcoirnéal den urrann.	With the twins' help, Harry's trunk was at last tucked away in a corner of the compartment.
"Tá mé an-bhuíoch díbh," arsa Harry, agus é ag cimilt glib allasach ghruaige as a shúile.	"Thanks,' said Harry, pushing his sweaty hair out of his eyes.
"Cad é sin?" arsa fear den chúpla go tobann, é ag pointeáil ar chomhartha na splaince ar éadan Harry.	"What's that?" said one of the twins suddenly, pointing at Harry's lightning scar.
"Dar prísce," arsa an fear eile, "an tú -- ?"	"Blimey," said the other twin. "Are you -?"
"Is é go deimhin," arsa an chéad fhear. "Nach tú?" ar seisean le Harry.	"He is," said the first twin. "Aren't you?" he added to Harry.
"Nach mé cén rud?" arsa Harry.	"What?" said Harry.
"Harry Potter," arsa an cúpla as béal a chéile.	"Harry Potter," chorused the twins.
"Ó, eisean," arsa Harry. "Sea, cinnte, is mé."	"Oh, him," said Harry. "I mean, yes, I am."
D'amharc an bheirt ghasúr air agus a mbéal ar oscailt.	The two boys gawped at him.
Mhothaigh Harry a aghaidh ag lasadh.	Harry felt himself going red.
Ansin, díreach in am, tháinig an guth chucu trí dhoras oscailte na traenach.	Then, to his relief, a voice came floating in through the train's open door.
"A Fred, a George, an bhfuil sibh ansin?"	"Fred, George? Are you there?"
"Ag teacht, a Mham."	"Coming, Mum."
Thug an cúpla amharc amháin eile ar Harry, agus léim den traein.	With a last look at Harry, the twins hopped off the train.
Bhuail Harry faoi in aice leis an bhfuinneog, áit a raibh sé leathfholaithe, agus é in ann súil a choinneáil ar an dream rua amuigh ar an ardán, agus a gcomhrá a chluinstin.	Harry sat down next to the window where, half-hidden, he could watch the red-haired family on the platform and hear what they were saying.
Bhí an mháthair díreach i ndiaidh a ciarsúr a thógáil amach.	Their mother had just taken out her handkerchief.
"A Ron, tá smál éigin ar do shrón."	"Ron, you've got something on your nose."
Thug an gasúr óg iarraidh i leataobh, ach rug sí air agus thosaigh a chuimilt bhior a shróine.	The youngest boy tried to jerk out of the way, but she grabbed him and began rubbing the end of his nose.
"A Mham, lig dom," agus scinn sé uaithi.	"Mum – geroff." He wriggled free.
"Á, an bhfuil sm-m-m-ál m-beag ar shrón-n-n Ron-n-n" arsa fear den chúpla.	"Aah, has ickle Ronnie got somefink on his nosie?" said one of the twins.
"Éist do bhéal," arsa Ron.	"Shut up," said Ron.

agus – and
an – the
órchloch – Philosopher's Stone
ór – gold
cloch – stone
[an] bhfuil – is there
bí – be!
lámh – hand
cuidithe – of help
cuidiú – help
cuidigh – help!
uait – from you
fear – man
den – of the
de – of
cúpla – twins
rua – red-haired
a – that
lean – followed
lean – follow!
sé – he
trí – through
bosca – box
na – of the
ticéad – ticket
bhí – was
ann – there, in it
tá – is
sonas ort – bless you
sonas – happiness
ort – on you
ar – on
arsa – said
é – he, him
ar saothar – out of breath
saothar – exertion
hóigh –hoy!
a – O!
tar uait – come along!
tar – come!
uait – from you
linn – with us
le – with
cabhair – help
leathchúplaí – twins
leathchúpla – one twin
leath- – half
leagadh thart – was put by
leag – knock over!
thart – over, past
trunc – trunk
faoi dheireadh – at last
i – in
coirnéal – corner
urrann – compartment
mé – I, me
an-bhuíoch – very grateful
buíoch – grateful
díbh – from y'all
ag cimilt – wiping
cimil – wipe!
glib – forelock

allasach – sweaty
allas – sweat
gruaige – of hair
gruaig – hair
as – out of
a – his
súile – eyes
súil – eye
cad – what
sin – that
go tobann – suddenly
ag pointeáil – pointing
pointeáil – point!
ar – on
comhartha – sign
splaince – of spark
splanc – spark
éadan – forehead
Dar prísce – By Jove!
eile – other
an – is?, are?
tú – you
is – is
go deimhin – indeed
chéad – first
nach – isn't? aren't?
ar – said
seisean – he (emphatic)
cén rud – what thing
cén – what the
cé – what
rud – thing
as béal a chéile – together
béal – mouth
Ó – Oh
eisean – he, him
sea – that's so
is ea – that's so
cinnte – certainly
d'amharc – looked
amharc – look!
beirt – two people
gasúr – boy
air – on him
béal – mouth
ar oscailt – open
oscail – open!
mhothaigh – felt
mothaigh – feel!
aghaidh – face
ag lasadh – lighting up
las – light!
ansin – then
díreach – exactly
in – in
am – time
tháinig – came
guth – voice
chucu – to them
chuig – to
doras – door
oscailte – open

traenach – of train
traein – train
sibh – y'all
ag teacht – coming
Mam – Mom
thug – gave
tabhair – give!
amharc – look
amháin – one
léim – jumped
bhuail ... faoi – settled down
bhuail – hit
buail – hit!
in aice leis – next to the
in aice le – next to
aice – proximity
fuinneog – window
áit – place
a raibh – in which
leathfholaithe – half-hidden
leath- – half
folaithe – hidden
folaigh – hide!
súil – eye
a choinneáil – to keep
coinnigh – keep!
dream – group
rua – red-haired
amuigh – outside
ardán – platform
comhrá – conversation
a chluinstin – to hear
a chloisteáil – to hear
clois – hear!
máthair – mother
díreach – just
i ndiaidh – after
ciarsúr – handkerchief
a thógáil – to take
tóg – take!
amach – out
smál – smudge
éigin – some
srón – nose
gasúr – child
óg – young
iarraidh – attempt
i leataobh – to the side
taobh – side
rug – caught
beir – catch!
air – on him
thosaigh – began
tosaigh – begin!
a chuimilt – to rub
cuimil – rub!
bior – tip
sróine – of nose
lig – let!
dom – to me
scinn – sprang
scinn – spring!

uaithi – from her
á – ah
Éist do bhéal! – Shut up!
éist – listen!
do – your
béal – mouth

Bhfuil ... uait? – the combination of the verb *bí* (be) and the preposition *ó* is one way to say someone wants or needs something.

Tá cabhair **ó** Mháire.	Mary needs help.
Tá briosca eile **ón** bpáiste.	The child wants another cookie.
Tá foclóir **uaim**.	I need a dictionary.
An bhfuil uisce **uait**?	Do you want some water?
Bhí deich euro **uaidh**.	He needed ten euro.
Beidh cóta mór **uaithi**.	She'll need an overcoat.
An mbeidh aon rud eile **uainn**?	Will we need anything else?
Tá ticéad **uaibh**.	Y'all need a ticket.
Cad a bhí **uathu**?	What did they want?

lámh chuidithe – a verb like *cuidigh* (help) has a form called the *ainm bhriathartha* (verbal noun). For *cuidigh*, the verbal noun is *cuidiú* (helping, to help). Irish verbal nouns have genitive form that often corresponds to an adjective in English. *Cuidithe* means *of helping* or just *helping*.

Verb	English	Verbal Noun	Genitive	Example	English
cuidigh	help!	cuidiú	cuidithe	lámh chuidithe	helping hand
rith	run!	rith	reatha	uisce reatha	running water
rith	run!	rith	reatha	cúrsaí reatha	current affairs
labhair	speak	labhairt	labhartha	lucht labhartha na Gaeilge	Irish speakers

bosca na dticéad, srl – there are several examples of genitives in this passage.

an bosca	the box	na ticéid	the tickets	bosca na dticéad	the ticket counter
an chabhair	the help	na leathchúplaí	the twins	cabhair na leathchúplaí	the twins' help
an chomhartha	the sign	an splainc	the spark	comhartha na splaince	the sign of the spark
an doras	the door	an traein	the train	doras na traenach	the door of the train
an bior	the tip	a shrón	his nose	bior a shróine	the tip of his nose

leathchúpla – there are several words in Irish that come in pairs and for which one of the pair is referred to as *leath*- (half-) of the pair.

cúpla	twins	leathchúpla	one twin
bróga	shoes	leathbhróg	one shoe
cosa	feet	leathchos	one foot
súile	eyes	leathshúil	one eye
bádóir	boatman	leathbhádóir	colleage

buíochas – there are several ways of expressing gratitude in Irish.

Go raibh maith agat.	Thank you.
Go raibh míle maith agat.	Thank you very much.
Go raibh maith agat as an mbronntanas.	Thank you for the gift.
Táim buíoch díot.	I'm grateful to you.
Táim an-bhuíoch díot.	I'm very grateful to you.
Táim buíoch díot as an mbia.	I'm grateful to you for the food.
Gabhaim buíochas leat.	Thank you.
Gabhaim míle buíochas leat.	Thank you very much.
Gabhaim buíochas leat as an gcabhair.	Thank you for the help.

as béal a chéile – *a chéile* basically means *each other*, but it an *céile* show up in many expressions.

Bhí sé trína chéile.	He was upset.
Bhí siad ag caint as béal a chéile.	They were talking together.

An tú? – when asking if someone is a specific person, forms of *is* (is) can be used.

Is mise Harry Potter.	I am Harry Potter.
Ní mise Harry Potter.	I am not Harry Potter.
An tú Harry Potter?	Are you Harry Potter?
Nach tú Harry Potter?	Aren't you Harry Potter?
Is mé.	Yes (is me).
Ní mé.	No (is not me).
An mé an gréasaí?	Am I the cobbler?
Is mé.	Yes (is me).
An tú an dochtúir?	Are you the doctor?
Is tú.	Yes (is you).
An é an múinteoir?	Is he the teacher?
Ní hé.	No (isn't him).
An í an t-ailtire nua?	Is she the new architect?
Is í.	Yes (is her).
An muid na daltaí.	Are we the students?
Ní muid.	No (isn't us).
An sibh na daltaí?	Are y'all the students?
Is sibh.	Yes (is y'all).
An iad na daltaí?	Are they the students?
Ní hiad.	No (isn't them).

i ndiaidh – *i ndiaidh* and *tar éis* both mean "after", but when used with a verbal noun they means that the action has just been done.

Táim i ndiaidh císte a dhéanamh.	I just made a cake.
Tá sé i ndiaidh an leabhar a léamh.	He just read the book.
An bhfuil tú i ndiaidh ithe?	Did you just eat?

lig do – the combination of *lig* (let) and the preposition *do* (to, for) means "let be". When used with a verbal noun, the meaning is to let someone do something.

Lig **dom**!	Let me be.
Ar lig sí **duit** é a ithe?	Did she let you eat it?
Ligeadh **dó** imeacht.	He was allowed to leave.
Ná lig **di** é a ól.	Don't let her drink it.
An ligfidh sí **dúinn** dul léi?	Will she let us go with her?
Ligeann sí **daoibh** pé rud a dhéanamh.	She lets you do anything.
An ligeann sí **dóibh** sugradh sa seomra?	Does she let them play in the room?
Ná lig **do** Sheán teacht isteach.	Don't let John come in.
Ar lig tú **don** pháiste an cat a chuimilt?	Did you let the child pet the cat?

Éist do bhéal! – a couple interesting and useful, if not all polite, speech expressions.

Cogar!	Listen!	Lit. Whisper!
Éist do bhéal!	Shut up!	Lit. Listen your mouth!
Dún do chlab!	Shut up!	Lit. Shut your gob!